

## BROLLACH

**Tíril Eidil Éró:** Stór amhrán traidisiúnta don aos óg á gcanadh ag glúin óg de mhuintir Ghaeltacht Chorca Dhuibhne atá ar CD1. Tá guthanna cinn na muintire, a bhformhór ó chartlann RTÉ RnaG ar CD2, agus comhaid ilmheán le gearrthóg fise mar léiriú eisceachtúil ar chanadh i gcomhlúadar ar an dá dhlúthdhiosca, a oireann mar áis theagaisc agus fhoghlama. Focail na n-amhrán le maisú ildaite, agus treoracha do theagasc na hamhránaíochta is mó atá sa leabhar.

Cruthaíodh an pacáiste oideachais seo fé scáth an Togra Bhéaloidis i mbunscoileanna Chorca Dhuibhne, togra sainiúil curaclaim i réimse an bhéaloidis, a tionscnaíodh i mbunscoileanna Chorca Dhuibhne i 1991. B'í aidhm an togra gnéithe den insint bhéil thraigisiúnta áitiúil a shní go struchtúrtha le taithí oideachais aos óg na dúiche ar bhonn cruthaitheach, taitneamhach. Bhíothas ag súil go bhfoilseofaí toradh an tsaothraithe ar deireadh thiart, ar mhaithle le cur chun cinn ealaíon béis na Gaeltachta ar scoil agus cois teallaigh, i gcónar is i gcéin.

Tá **Tíril Eidil Éró** ag tógaint ar an mbunchloch a leagadh le forbairt agus le foilsíú *Rabhlaí Rabhlaí* – rogha rannta traidisiúnta don aos óg, agus *Scéilín ó Bhéilín* – rogha scéalta traidisiúnta don aos óg, foilseacháin rathúla an togra a seoladh i 1998 agus 2003, fé seach. Táthar ag súil gur eiseamláir é an Togra Béaloidis seo i gCorca Dhuibhne do phobail Ghaeltachta is Ghaeilge na tíre ar na féidearthachtaí oideachais agus cruthaitheacha a bhaineann lena dtraidisiún béis.

Tá an tAonad Forbartha Curaclaim, Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Baile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí, i bpáirt le chéile sa chomhthionscnámh taighde agus forbartha so. Bíonn siad ag gníomhú i gcomhar le múinteoirí Chorca Dhuibhne, le healaíontóirí traidisiúnta Gaeltachta, agus le healaíontóirí comhaimseartha ilmheán chun spriocanna an togra bhéaloidis a bhaint amach.

Ar deireadh, 'sé ár nguí go mbainfear taitneamh as na hamhráin sa chnuasach so, agus go dtuigfear go bhfuil ionad dlíteanach ag na healaíona béis sa chomhthéacs comhaimseartha agus san oideachas cultúrtha araon.

Roibeard Ó Cathasaigh  
Óiche 'le Bríde 2009.

## PREFACE

**Tídil Eidil Éró**, is a selection of traditional songs in Irish from the living tradition, sung by young singers from Corca Dhuibhne, and is published as a result of *Togra Béaloidis i mBunscoileanna Chorca Dhuibhne*. Twelve primary and two post-primary schools in the Corca Dhuibhne Gaeltacht are involved in this unique curriculum development project in the oral Irish tradition.


This collaborative project between the Curriculum Development Unit, Mary Immaculate College, University of Limerick and the West Kerry based cultural organisation, Oidhreacht Chorca Dhuibhne, has as its goal, firstly, to pilot traditional oral material in the schools, and then to produce multi-media publications as a cultural resource for young children, adult learners, Irish-speaking parents and primary and post-primary school teachers.

**Tídil Eidil Éró** includes 2 CDs, song lyrics with illustrations, guidelines for teachers, notes and glossary on the songs, and multi-media files with rare video footage of sean-nós singers from the RTÉ archives. This learning and teaching aid is the culmination of five years development work with the teachers and their pupils, enhanced by the contribution of contemporary multi-media artists in the final stage of the process.

Another feature of this pack is the inclusion of a separate CD with the voices of traditional singers from Corca Dhuibhne and their versions of the same songs, many from RTÉ Raidió na Gaeltachta archives, that served as an inspiration to the young singers. Included also are versions of six songs from the Schools' Manuscript Collection in the National Folklore Collection of University College Dublin. The words of these songs were collected by schoolchildren, with the guidance of their teachers, in the late 1930's, under the Irish Folklore Commission Schools' Collection Scheme. One of these songs, from the Blasket Island National School collection, is reproduced in this publication. (Ó Catháin, Úi Sheighin, 1987, xviii)

**Tídil Eidil Éró** concludes the third phase of *Togra Béaloidis i mBunscoileanna Chorca Dhuibhne* and is the sequel to the highly acclaimed *Rabhlái Rabhlái*, 1998, a collection of traditional rhymes in Irish for children set to music by Steve Cooney, and later by Scéilín ó Bhéilín, 2003, traditional stories for children. These publications were developed in the belief that oral art forms are not a thing of the past but form an integral part of contemporary Irish culture and Irish language education.

Roibeard Ó Cathasaigh  
St. Bridget's Eve 2009.



# Oileán Dhún an Óir




- 1 Is buachaillín óg mé atá i bhfad, i bhfad i gcéin  
óm mhuintir a dh'fhágas faoin iomarca péin',  
táimse tinn tuirseach, lag, tnáite, fé bhrón  
ó d'fhágas an baile atá le hais Dhún an Óir.
- 2 Mo chéad slán chugat Ard na Caithne, mar is fada mé uait,  
is chun muintir an Fhearnainn mo ghrá iad go mór,  
chun gach sárfhear is cailín a d'fhágas im dheoidh,  
sa bhaile atá in aice le hOileán Dhún an Óir.
- 3 Tá an t-iasc ins an oíche ag preabarnaigh sa líon,  
tá an fiach is an faoileán ag snámh ar an dtóinn,  
tá an chéirseach is an smólach ag seinm a gceoil,  
sa bhaile atá in aice le hOileán Dhún an Óir.

FÉACH NÓTAÍ LCH 46





# Táimse ar an mBaile seo



- 1 Is táimse ar an mbaile seo le bliain agus trí lá,  
is dá mbeadh fhios ag mo mhuintir air, ní chodlóidís go sámh.  
Dochtúirí na Fraince ní leigheasfaidís mo ghearán,  
go dtiocfaidh péarla an chíul chraobhaigh is go mbéarfaidh sí ar mo láimh.
- 2 Dé Domhnaigh is Dé Domhnaigh 'sea deineadh mise a chreach,  
do ceanglaíodh mo stóirín gan orlach de mo chead.  
Dá mbeinnse suite i gcúinne an tí is grá mo chroí le m'ais,  
is nach gleoite deas mar a sheolaimis na dúichí i bhfad amach.
- 3 Is tá mo mhuintir de shíor á rá go gcaithfead dul anonn,  
ach iarraigse ar Mhuire is ar Íosa nach bhfaighidh siad bád ná long.  
Dá mbeinnse amuigh ins an oíche faoi dhuilliúr glas na gcrann,  
ó, is a Dhia dhílis, nár bhaoibhinn dom is grá mo chroí a bheith ann.
- 4 Is dá mbeadh boiscín snaoise agam do dhéanfainn sult is greann,  
nó pípín fhada dhíreach is tobac le cur ina ceann,  
Neilí Bhán ar leaba liom is pilliúr faoina ceann,  
is go n-éalódh lucht na mbuataisí lena cúilín grámhar donn.
- 5 Is Neilí ó le m'anam thú is Neilí ó lem chroí,  
an dtiocfása liomsa go bun an ghleanntáin fhraoigh?  
Do thabharfainn radharc ar chuanta dhuit is ar bhailte móra groí,  
is cead a bheith i gcóistí agat ar bhóthar leis an rí.